

Polasaí maidir le Nascanna/Ceangail Thionsclaíochta

Coláiste na bPiarsach

Ros Muc

Ráiteas Misean

'Sí an aidhm atá againn ná timpeallacht foghlama a chruthú le gnéithe intleachtúla, fisiciúla, morálta, spioradálta, aeistéiticiúla agus mothúchánacha do gach scoláire a fhorbairt agus na scoláirí a spreagadh chun an sprioc is airde a bhaint amach ar son a leasa pearsanta féin agus a bpobal. Tá sé mar chuspóir againn ár dteanga, ár n-oidhreacht agus ár ndúchas a spreagadh agus a chaomhnú ar chuile bhealach agus mórtas cine a chothú.

Baineann an polasaí le:

Scoláirí ATGO, scoláirí atá ag staidéar ar ghnó, múinteoirí, Bord Bainistíochta, Bord Oideachais & Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin agus an pobal tionsclaíoch.

Cúis

- Chun nascanna a chothú le tionscail áitiúla ionas go mbeidh scoláirí an Choláiste in ann taithí riachtanach a fháil i dtimpeallacht oibre, agus chun scoláirí a ullmhú don saol oibre.
- Chun tacaíocht a fháil ón bpobal tionsclaíoch.
- Toisc Coláiste na bPiarsach a bheith faoi Bhord Oideachais & Oiliúna na Gaillimhe & Ros Comáin, tá béim sa Choláiste ar ullmhú do shaol na hoibre.

Aidhmeanna

- Go mbeidh soláthar maith ionaid i gcomhair taithí oibre ar fáil.
- Ionas go mbeidh tuiscint ag tionscal ar chuspóirí oideachasúla Coláiste na bPiarsach.
- Chun comhdheiseanna a thabhairt do bhuachaillí agus do chailíní.
- Chun féith na fiontraíochta a chothú i scoláirí an Choláiste.
- Go mbeidh féin-mhuinín ag scoláirí chun deiseanna a thapú.
- Chun eitic oibre a chothú i scoláirí.

Ábhar

- Tá ionadaíocht ag an bpobal go ginearálta ar an mBord Bainistíochta.
- Déantar iarracht cumarsáid mhaith a chothú idir an Choláiste agus gnólachtaí agus eagraíochtaí lasmuigh.
- Cothaítear tuiscint sna scoláirí ar shaol oibre taobh amuigh den Choláiste trí mhéan;
 - taithí oibre
 - cuairteanna ar áiteanna oibre
 - aoi chainteoirí ó ionaid oibre agus ón bpobal
- Déantar aidhmeanna an Choláiste i leith saol na hoibre soiléir don phobal tionsclaíoch.
- Cuirtear oideachas fiontraíochta ar fáil don ceathrú agus cuigiú bliain. Cothaítear ceangail tionsclaíoch chúil idir na blianta úd agus gnólachtaí/eagrachtaí.
- Tugtar gairmthreoir do scoláirí agus forbraítear scileanna pearsanta na scoláirí chun iad a ullmhú don saol oibre.
- Beidh comhordaitheoir(i) ainmnithe chun ceangail thionsclaíochta a chur chun cinn.

Cur i bhfeidhm agus monatóireacht

- *Bord Oideachais & Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáir*: Soláthróidh an Bord Oideachais & Oiliúna na Gaillimhe & Ros Comáin acmhainní riachtanacha chun an polasaí seo a chur i bhfeidhm.
- *Comhordaitheoir*: Is é cúram an chomhordaitheora ná na nascanna tionsclaíoch a chothú agus a chaomhnú.
- *Príomhoide/Múinteoirí*: Spreagann na múinteoirí feith na fiontraíochta agus féinmheas sna scoláirí ó lá go lá ina gcuid ábhar. Bronntar teastais ar iarrachtaí na scoláirí i leith caighdeán sasúil a bhaint amach san fhiontraíocht.

Beidh gá le scoláirí a bheith ag feidhmiú taobh amuigh den Choláiste mar chuid den chlár teagaisc san oideachas fiontraíochta. Bíonn síorcheangal idir an scoil agus na gnólachtaí eagsúla sula dtéann scoláire amach ar tháithí oibre. Cuirfear cóip de árachas na scoile maraon le cleachtais cosaint leanaí ar fáil don gnó.

Is cuid éigeantach de chlár teagaisc áirithe é an t-oideachas fiontraíochta i gColáiste na bPiarsach.

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo ag tús an scoilbhliain 2018/19 nó níos tuisce má gá.

Faofa ag Bord Bainistíochta Choláiste na bPiarsach ar an

Sínithe ag an gCathaoirleach_____